Comórtas chun Amhrán na hÉireann a roghnú don Fheile Idirnaisiúnta Pan Cheilteach 2012

PREAS EISIÚINT:

Cherishing Music
In A Changing World

Gael Linn

Seoladh an comórtas náisiúnta ag Oireachtas na Samhna i gCill Airne chun Amhrán na hÉireann a roghnú do Chomórtas Idirnáisiúnta Pan Cheilteach 2012 a bheidh ar siúl i gCeatharlach um Cháisc. Ní foláir an t-amhrán a bheith as Gaeilge. Is gá na focail agus an ceol a bheith nuachumtha agus glacfar le hamhrán traidisiúnta, pop amhrán, amhrán tíre nó amhrán rac cheilteach. Glacfar le hiarratais ar dhlúthdhiosca suas go 20 Eanair 2012.

Déanfar gearrliosta de na hiarratais is fearr agus beidh na hamhráin a roghnófar le canadh ag an gComórtas Náisiúnta a reachtálfar ins an Óstán Seven Oaks, Ceatharlach ar an Déardaoin, 8 Márta. Cuirfidh an pearsa teilifíse Daithí Ó Sé na hamhráin i láthair agus beidh Ollie Hennessy ina stiúrthóir ceoil. Beidh moltóirí aitheanta i láthair agus measfar na hamhráin ar fheabhas na bhfocal, an cheoil agus an cur i láthair. Rachaidh an buaiteoir ar aghaidh chuig an Comórtas Idirnaisiúnta a bheidh ar siúl le linn na Féile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach 2012 a bheidh ar siúl i gCeatharlach mí níos déanaí ó 10 – 15 Aibreán. Beidh amhrán na hÉireann in iomaíocht leis na hamhráin náisiúnta eile ag Alba, An Bhreatain Bheag, Oileán Mhanainn, An Choirn agus An Bhriotáin chun an Corn Pan Cheilteach a thógaint. Is é IMRO a bheidh mar phríomh urra ar an gComórtas Náisiúnta i gcomhar le Gael Linn.

Tá rialacha agus foirm iarratais ar fáil ar shuíomh greasáin www.panceltic.ie nó is féidir glaoch ar oifig Pan Cheilteach i gCeatharlach ar 059 9158105, 087 2857048. ‘Sé an seoladh do dlúthdhioscaí agus iarratais ná An Comórtas Amhrán Pan Cheilteach, Glór Cheatharlach, Sráid an Choláiste, Ceatharlach.